Coláiste na bPiarsach

Nuachtlitir Cáisc 2020

Tagann seal agus imíonn seal

Cáisc Shona daoibh go léir

Tá múinteoirí agus scoláirí na scoile ar laethanta saoire na Cásca agus é tuillte go maith acu. Tá ard mholadh ag dul do phobal na scoile ar fad, na múinteoirí, na tuismitheoirí agus ar ndóigh na scoláirí a thug faoi cheann de na dúshláin oideachais ba mhó a bhuail muid riamh. Rinne siad a gcuid oibre le díocas agus cruthaitheach mar is dual dóibh agus chabhraigh siad lena chéile ón tús. Ghlac siad páirt sna ranganna ar líne go fuinniúil agus go spleodrach, rud a chabhraigh go mór leis an bhfoghlaim. B'fhearr le chuile dhuine a bheith istigh sna ranganna sa scoil ach le cúnamh Dé is gearr uainn é sin arís. Tógaigí scíth óna scáileáin ríomhairí ar feadh tamaill anois! Bíodh briseadh deas agus sábháilte agaibh uilig. Fanaigí sa mbaile agus tugaigí aire dá chéile i gcónaí.

Covid-19: na dúshláin

#coróinvíreas
#ár saol athraithe
#scoil dúnta
#foghlaim sa mbaile
#scaradh sóisialta
#sláinte fisiciúil
#meabhairshláinte
#uaigneas
#neadú

Ach ag deireadh na géarchéime beidh muid ar ais:

#clós na scoile
#níos láidre
#níos slaintiúla
#níos misniúla
#níos críonna
#níos cruthaithí
#níos buíche
#lenár gcáirde
#spraoi
#sona sásta

Focal ón bPríomhoide

A scoilphobal,

Tá súil agam go bhfuil sibh ar fad i mbarr bhur sláinte. Is cinnte go bhfuil go leor athruithe tagtha ón nuachtlitir deireanach a cuireadh amach. Is beag a cheap mé an t-am sin go mbeadh mé ag scríobh an phíosa seo do nuachtlitir na Cásca ó mo bhord sa chistin in ionad m'oifig scoile. Níl aon dabht, ach go bhfuil go leor imní agus struis ag baint leis an am áirithe seo, ach is é an rud is tábhachtaí ag an bpointe seo, ná go ndéanfaidh muid ar fad ar ndíchíll agus ár gcuid chun an ceann is fearr a fháil ar an víreas seo.

Tá athruithe móra tagtha sa suíomh teagaisc & foghlama i gColáiste na bPiarsach de bharr na haicíde seo a tháinig chun cinn le tamall beaga anuas. Ar ndóigh, tá an teicneolaíocht an-lárnach san fhoghlaim agus teagasc sa scoil le beagnach deich mbliana anuas anois ach seans nár thuig muid an luach a bhí ag baint leis seo go dtí gur dúnadh an scoil ar an 12 Márta 2020. Thug sé seo an muinín dúinn a bheith in ann teagasc agus foghlaim a sholáthar dár scoláirí agus iad ag baile. D'oscail sé ár súile maidir leis an bhféidearthacht atá ag baint le cúrsaí teicneolaíochta agus an tairbhe iontach gur féidir a bhaint asti agus í úsáidte i gceart.

In ionad teacht ar scoil gach maidin, tá múinteoirí agus scoláirí ag cur tús lena lá trí ríomhaire a chasadh air. Is éard atá á rá ag na saineolaí linn, ná go bhfuil fíorthábhachtach ag baint le struchtúr a bheith againn ar fad, go mór mór le linn na tréimhse seo. Dá bhrí sin, dhearadh muid amchláir iomlána nua dár scoláirí agus múinteoirí chun na cianfhoghlama a eascú agus an deis is fearr a thabhairt di le n-oibriú. Tá trí seachtainí caite anois agus tá áthas orm a rá go bhfuil ag éirí thar barr leis an gcóras seo. Ar ndóigh níl sé foirfe, agus dá mbeadh an deis againn, thabharfadh gach duine againn rud ar bith a bheith ar ais sa seomra ranga arís. Ar an lámh eile, tá an teagasc agus foghlaim ag tarlú go leanúnach le linn na seachtaine. Tá muid fós ag foghlaim agus ag bailiú aiseolas agus táim muiníneach gur ag feabhsú a bheidh muid le cúnamh Dé.

Os cionn cúrsaí teicneolaíochta, tá cúrsaí folláine lárnach i gColáiste na bPiarsach. Bhain muid an Brat Omrach amach anuraidh tríd an bhfeachtas atá rite ag 'Pieta House' de bharr na béime a chuireann muid ar chúrsaí folláine / meabharshláinte sa scoil agus tá muid thar a bheith bródúil as seo. Thuig muid mar scoil, go raibh tábhacht agus dúshlán ar leith ag baint leis seo, go mór mór anois dár scoláirí atá ag baile agus gan iad ag meascadh lena gcairde. Dá bhrí sin, shocraigh muid 'Microsoft Teams' a bhunú chun aird ar leith a chuir ar chúrsaí folláine áit a bhfuil gach scoláire mar bhall. Is áit é seo gur féidir linn meacadh le chéile chun an spiorad scoile a choinneáil ag imeacht. Cuireann muid dúshláin aclaíochta, leid an lae maraon le heolas a bhaineann le cúrsaí meabharshláinte agus na háiteanna gur féidir le scoláirí a theacht ar thacaíoctaí / seirbhísí ar leith le linn na hama seo. Tugann sé an deis domsa mar phríomhoide, seiceáil isteach le scoláirí, teachtaireachtaí dearfacha maraon le píosa spraoi a bheith agam leis na tascanna ar leith a chuireann muid suas. Tá sé tábhachtach go dtuigeann ár scoláirí go bhfuil muid ann dóibh le linn na tréimhse seo.

Tá mé fíorbhrodúil as an scoilphobal ar fad agus an bealach go bhfuil muid ag dul i ngleic leis na hathruithe móra seo. Tá ardmholadh ag dul dár dtuismitheoirí / caomhnóirí atá ag déanamh a míle díchíll ar son oideachas a gclann le linn dóibh a bheith sa bhaile, ár scoláirí atá ag glacadh freagrachta as a gcuid foghlama féin go buanseasmhach agus athléimneach i leith na hoibre. Ní fhéadfainn gan tagairt a dhéanamh dár múinteoirí atá ag déanamh sárobair agus a chuireann iad féin amach ar mhaithe lenár scoláirí. Níl aon dabht, ach go bhfuil saoire na Cásca tuillte againn ar fad.

Is deis é saoire na Cásca 2020, suntas a thabhairt agus machnamh a dhéanamh ar na rudaí is tábhachtaí inár saol. Rudaí, seans a raibh muid róghnóthach le tabhairt faoi deara roimhe seo. Tiocfaimid tríd seo agus is cinnte go n-athróidh an eispéireas seo ár meon i dtaobh go leor rudaí ar bhealach dearfach agus go mbeidh muid níos buíche as na rudaí beaga simplí, nach dtug muid móran aird orthu roimhe seo. Idir an dá linn, déanfaidh muid ar fad ár gcuid agus leanfaimid na treoracha atá tugtha go sonrach dúinn.

Guím beannachtaí na Cásca oraibh ar fad. Fanaigí slán.

Máirín Ní Mhainnín, (Príomhoide)

Taithí Oibre

Buíochas leis na comhlachtaí & eagraíochtaí seo a leanas a raibh scoláirí na ceathrú bliana ar thaithí oibre leo.

Scoil Náisiúnta Mhuire,
Scoil Náisiúnta Naomh Ciaráin,
Scoil Bhriocáin,
Scoil Náisiúnta na hAirde Móire
Óstán 12
Áras Chois Fharraige,
Teach Altranais Charna,
Máirtín Ó Conaola,
Tigh Leavy
Blake Moore,
Eurospar,
Bráithre na Carthanachta,
Tigh Mhic Dhonnacha,
Liz Kane,
MADRA,
Máirtín Ó Droighneáin,
Tigh Mheaic,
Nioclas Ó Conchubhair,

Buíochas leis na múinteoirí **Brian Ó hAnnaidh & Anna Ní Dhomhnaill** a rinne nasc idir na comhlachtaí agus an scoil.

Lá na bpancóga leis an múinteoir Tíos **Roseanne Uí Fhlatharta**.

Gnó sa cheantar

Mar pháirt den tionscnaimh **Gnó sa Cheantair** fuair an 4ú bliain deis barr feabhais a chur ar a gcuid scileanna agallaimh. Rinne said ar fad agallamh 15 nóiméad ag Saotharlann Chonamara Teo eagraithe ag **Tom McAvinchey** (bainisteoir achmhainní daonna CLS) & **Anna Ní Dhomhnaill**.

Turas go 'EXCEL' i Londain

Bhí an-lá ag scoláirí bhliain 1 ar thuras scoile go Londain chun freastal ar thaispeántas teicneolaíochta 'Bett' san ionad 'EXCEL'. Chuir sé go mór lena dtaithí agus suimeanna i leith teicneolaíocht nua-aimseartha agus na féidearthachtaí a bhaineann leis. Buíochas le **Félim Ó Neachtain, Pól Ó Neachtain** & **Anna Ní Dhómhnaill** a chuiagh leo. Trathúil go leor tá an ionad 'EXCEL' á úsáid anois mar ospidéal Covid-19.

Comórtas Aistriúcháin

Daltaí de chuid Choláiste na bPiarsach ag glacadh páirte i gcomórtas aistriúcháin de chuid an Aontas Eorpaigh, le haistriúcháin ó Bhéarla go Gaeilge / Fraincis go Gaeilge agus an comórtas ag titim isteach go deas le Seachtaine na Gaeilge

Scoláirí Gaeilge an téarma

Comhghairdeas le beirt scoláire ó bhliain 3 a fuair aitheantas speisialta mar Scoláire Gaeilge don dara agus triú téarma scoile seo i 2019-20.

Seachtain na Gaeilge

Tráth na gCeist Boird

Ceardlann Amhránaíochta le Briocán Bairéad

Coláiste na bPiarsach, Ros Muc,
Fón: 091-574100
www.gairmscoilnabpiarsach.com
Ríomhphost: piarsach@gretb.ie
Eagarthóir: Bridie Uí Chonámha